Ciorcail Ghaeilge faoi lán seoil

Tá réimse leathan de Chiorcail Ghaeilge i gCeatharlach do dhaoine fásta atá ag lorg deiseanna chun an teanga a úsáid agus a chleachtadh go neamhfhoirmiúil. Bíonn cupán tae agus fáilte roimh chách ag an gciorcal comhrá "Is Leor Beirt" gach maidin Céadaoin ó 10.30-11.30r.n. i Músaem Cheatharlach ar Shráid an Choláiste. Agus baileoidh an grúpa Sult don teacht le chéile míosúil ar an Déardaoin seo, 29ú Eanair agus ar an Déardaoin deireannach de gach mí i rith na bliana i dTeach Dolmain ó 9.00i.n.

Beidh fáilte chomh maith ag Gaeilge le Chéile na míosa ar an Déardaoin, 5ú Feabhra i dTigh Reddy, Sráid na Tulaí. Is ansin a thagann daoine le chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí ag 9.00i.n. chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Is deiseanna iontacha iad na ciorcail seo chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta agus aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile sa cheantar. Beidh fáilte faoi leith roimh fhoghlaimeoirí agus tabharfar gach seans dóibh an teanga a chleachtadh i dtimpeallacht chompordach. Bí linn i rith na bliana.

Gluais:	Glossary:
réimse	range
míosúil	monthly
taitneamh	enjoyment
deiseanna	opportunities
timpeallacht	environment
go háirithe	especially
sóisialta	socially
cleachtadh	practise

Glór Cheatharlach 'Leabhra Feabhra'

An bhfuil suim agat i gcúrsaí litríochta, go háirithe litríocht na Gaeilge? Bhuel, más ea, beidh mí shásúil thaitneamhach agat i Mí Feabhra. Tá an fhéile nua 'Leabhra Feabhra' faoi lán seoil ag na Gaeil i gCéin. Is tionscnamh úr nua é agus beidh sé á cheiliúradh ar an 1ú Feabhra, Lá Fhéile Bhríde. An aidhm atá ag an tionscnamh áirithe seo ná léitheoireacht litríocht na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh i measc an phobail. Má tá fonn ort a bheith páirteach ann, ní foláir duit leabhar Gaeilge a cheannach agus a bhronnadh ar chara nó ar ghaol - thar lear nó gó háitiúil – ar an 1ú Feabhra. Is bronntanas iontach é leabhar a fháil agus go háirithe leabhar Gaeilge.

Tháinig an smaoineamh seo ó Ghaeil na Mór-Roinne, agus tá anrath i ndán don tionscnamh.

Tá an-tacaíocht agus poiblíocht le feiceáil ar na meáin shóisialta. Tá súil ag na heagraithe go mbeidh an scéim ar siúl chuile bhliain ón bpointe seo amach.

Chomh maith leis sin, beidh lascainí le fáil ar leabhair Ghaeilge ó shiopaí áirithe.

Roghnaíodh 1ú Feabhra don fhéile mar is dáta aitheanta é i bhféilire na nGael mar gheall ar Bhríd Naofa. Tá Leabhra Feabhra ag súil go mbeidh cúis eile ag na Gaeil cuimhniú ar an lá sin as seo amach. Lá mór i dtraidisiún na nGael is ea an 1ú Feabhra mar is ar an lá sin a cheiliúrtar duine de phatrúin na hÉireann, Bríd, agus lá antábhachtach i bhféilire na gCeilteach ab ea é freisin. Táthar ag súil go mbeidh an lá seo luaite le féile thábhachtach eile na nGael as seo amach – Leabhra Feabhra!

Bhí baint nach beag ag Naomh Bríd féin le leabhair.

Bhunaigh sí teach screaptra agus is ann a rinneadh Leabhar Chill Dara – leabhar dathmhaisithe a ndúirt an Normannach Giraldus Cambrensis ina thaobh go raibh sé chomh hálainn dea-shaothraithe sin gur túisce a chreidfí gur ó lámha na n-aingeal é ná ó lámh an duine. Is léir mar sin go n-oireann Lá 'le Bríde go seoigh d'fhéile ar a dtugann daoine leabhair Ghaeilge mar bhronntanais da chéile!

Beartaíodh gan scoileanna a tharraingt isteach sa tionscnamh go fóillín. Táthar ag baint triail as i mbliana díreach a fheiceáil an mbeadh suim ag daoine ann; an leanfadh daoine é as a stuaim féin seachas brú a chur ar dhaltaí leabhar a léamh ar scoil. Ag braith ar rath na bliana seo beifear ag súil le tógáil ar 'Leabhra Feabhra' bliain i ndiaidh bliana.

Tá tuilleadh eolais le fáil faoi Leabhra Feabhra ar an suíomh idirlín leabhrafeabhra.com nó ón leathanach Twitter, @leabhrafeabhra. Bígí ag léamh!

Gluais:	Glossary:
litríocht	literature
aidhm	purpose
tionscnamh	project
spreagadh	encourage
bronntanas	gift
meáin shoisialta	social media
teach screapta	scriptorium
go seoigh	ideal
rath	success

Lá le Bríde buailte linn

Gabhaim molta Bríghde, iníon í le hÉireann
Iníon le gach tír í, molaimís go léir í.
Lóchrann geal na Laighneach, soils' ar feadh na tíre
Ceann ar óigheacht Éireann, ceann na mban ar míne.
Tig an Geimhreadh dian dubh, gearra lena géire
Ach ar lá le Bríghde, gar dúinn Earrach Éireann.
Gabhaim molta Bríghde, iníon í le hÉireann
Iníon le gach tír í, molaimís go léir í.

Cuireann Lá Fhéile Bhríde, a thiteann ar an gcéad lá de Mhí Feabhra, tús le séasúr an earraigh. Ón lá sin amach glactar leis go mbíonn na héin ag déanamh nead, na caoire ag breith na n-uan, na laethanta ag dul i bhfad agus na hoícheanta ag dul i ngiorracht. Rugadh Naomh Bríd lámh le Fochairt i gCo. Lú.Theastaigh ón a hathair Dubhthach go bpósfadh sí ach bhí a haigne déanta suas ag Bríd go gcaithfeadh sí a saol ina bean rialta. Chuaigh sí ag lorg talún ó fheirmeoir i gCill Dara. Dhiúltaigh sé ar dtús ach lean sí ag tathaint air fairsing a clóca a thabhairt di. Sa deireadh ghéill sé agus leathnaigh clóca Bhríde ar an talamh go dtí go raibh dóthain talún aici chun clochar agus séipéal a thógaint. Thóg sí cill nó séipéal faoi scáth chrann darach agus tugtar Cill Dara ar an áit ó shin.

Is iomaí nós a bhaineann le Lá le Bríde. Déantar Cros Bhríde as luachair agus crochtar í sa teach chun muintir an tí a chosaint ó thine agus ó aon olc i rith na bliana. Deirtear gur cheart an luachair a bhaint roimh éirí na gréine Lá le Bríde. B'í Bríd féin a rinne an chéad chros. Thug sí cuairt ar thaoiseach a bhí ar leaba a bháis. Fhad is a bhí sí ag caint leis phioc sí suas beart luachra a bhí ar an urlár agus rinne sí cros astu. D'fhiafraigh an taoiseach di cad a bhí á dhéanamh aici agus d'inis Bríd scéal Íosa dó. D'éist an taoiseach go cúramach agus dúirt gur theastaigh uaidh go mbaistfí é. Bhaist Bríd é díreach sara bhfuair sé bás. Déantar Cros Bhríde i scoileanna agus i bparóistí ar fud na tíre agus is minic a dhíoltar iad ar mhaithe le carthanais sa bhaile nó i gcéin.

Tugtar Muire na nGael ar Bhríd agus is naomh phatrún na Deoise Chill Dara agus Leighlinne í.

Gluais:	Glossary:
Lá Fhéile Bhríde	St. Brigid's Day
bean rialta	nun
cros Bhríde	Brigid's Cross
fairsing	spacious
ghéill sé	he yielded
dothain	sufficient
clochar	convent
luachair	rushes
crann darach	oak tree
carthanais	charities

Ranganna Gaeilge an earraigh ag tosnú go luath

Tosóidh sraith nua de na ranganna Gaeilge do dhaoine fásta i gCeatharlach an tseachtain seo chugainn. Cuirfear tús leis na ranganna ag bunleibhéal ar an Luan an 2ú lá agus ag meánleibhéal ar an Máirt an 3ú lá de Mhí an Mhárta agus rachaidh siad ar aghaidh thar deich seachtaine.

Tá clárú ar oscailt fós. Cuireann na cúrsaí seo atá eagraithe i gcomhar le Gaelchultúr béim ar labhairt na Gaeilge i measc na bhfoghlaimeoirí. 'Sé an táille do gach cúrsa ná €180 agus beidh na ranganna go léir ar siúl ó 7.00-9.00i.n. in oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach ar Bhóthar Átha Í.

Chun an leibhéal is oiriúnaí do dhuine a roghnú is féidir scrúdú gearr a dhéanamh ar www.gaelchultur.com agus is feidir clárú ar líne chomh maith don chúrsa.

Tá clár iomlán de ranganna agus cúrsaí á reachtáil ag Glór Cheatharlach don téarma seo agus cuireadh tús an tseachtain seo caite leis na Ciorcail Chomhrá larscoile do mhic léinn chomh maith leis na ranganna sa Sean-Nós do dhaoine idir óg agus fásta leis an rinceoir aitheanta Irene Cunningham. Tá fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Gach eolas ar fáil faoi na ranganna agus cúrsaí uile ó Ghlór Cheatharlach ar 085/1340047, 087/2857048, 059/9158105 nó eolas@glorcheatharlach.ie

Gluais:	Glossary:
go luath	soon
sraith	series
béim	emphasis
i measc	amongst
clár	programme
aitheanta	well known
i gcónaí	always

Liam Dennehy and Joe Skelton (M.F.H.) at the Carlow Hunt Club Photo: Michael O'Rourke